AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

# Sraith d'ábhar le haghaidh na meán sóisialta



AN tAONTAS EORPACH



## Cad é an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?

Is deis ar leith do shaoránaigh é an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun cuidiú a thabhairt an tAontas Eorpach a mhúnlú trína thathant ar an gCoimisiún Eorpach dlíthe nua a mholadh. Daoine a eagraíonn tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, tá bliain acu chun milliúin síniú a bhailiú ar fud an Aontais, agus caithfear tairseacha náisiúnta a chomhlíonadh i 7 mBallstát ar a laghad. A luaithe a bhainfear amach an líon sínithe is gá bainte amach, cinnfidh an Coimisiún cé na bearta a dhéanfar.

## Cabhraigh linn an scéal a scaipeadh!

Chun líon na dtionscnamh ó na saoránaigh agus leibhéal rannpháirtíochta na saoránach a mhéadú, caithfidh eolas a bheith ag gach Eorpach ar an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Chuige sin, molann an Coimisiún Eorpach do ghníomhaithe leasmhara páirt a ghlacadh agus an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a thabhairt chun solais. Is féidir leat páirt a ghlacadh i scaipeadh an scéil faoin Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh trí do ghuth a úsáid chun an uirlis a chur chun cinn i do líonra féin.

An tionchar atá ag na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann, ní féidir é a shéanadh, agus trí na meáin sin is féidir feasacht a ardú go mór faoin Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Anseo thíos tá roinnt leideanna úsáideacha faoin mbealach is fearr is féidir leat an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur chun cinn trí do chainéil meán sóisialta.



## Cá háit?



## Tá ábhar feachtais ar fáil

***Haischlibeanna***

# #EUTakeTheInitiative

***An cuntas is ríthábhachtaí nach mór a lua***

*@EuropeanCommission*

TAPAIGH AN DEIS
An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

***Cuntais ábhartha eile***

| Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Facebook | Twitter | Instagram |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | @ekosterreich | @EUKommWien | @eukomission_at |
| An Bhulgáir | @EU4BE | @EU4BE | @EU4BE |
| An Chipir | @ECinBulgaria | @ECinBulgaria | NA |
| An Chróit | @europska.komisija.zagreb | @HK_Hrvatska | @ekhrvatska |
| An Danmhairg | @ec.cyprus | @EUCyprus | NA |
| An Eastóin | @EvropskakomisevCR | @ZEK_Praha | @Evropa.cz |
| Éire | @EUiDK | @EUidanmark | @EUidanmark |
| An Fhionlainn | @euroopakomisjon | @EuroopaKomisjon | @euroopakomisjon |
| An Fhrainc | @euroopankomissiosuomessa | @EUkomissio | @eukomissio |
| An Ghearmáin | @UEenFrance | @EUFrance | @uefrance |
| An Ghréig | @eu.kommission | @EUinDE | @eukomission |
| An Iodáil | @EURepresentationGreece | @EEAthina | @ee_athina |
| An Íslitír | @EuropaiBizottsag | @EC_Budapest | @europai_bizottsag |
| An Laitvia | @EUIreland | @euireland | @euireland |
| An Liotuáin | @europainitalia | @europainitalia | @europainitalia |
| Lucsamburg | @EiropasKomisija | @EiropasKomisija | @eiropaskomisija |
| Málta | @Europos | NA | @europoskoisija |
| An Ostair | @UEauLuxembourg | @UE_Luxembourg | @ue_luxembourg |
| An Pholainn | @KummissjoniEwropea | @ECRepMalta | @EUinMalta |
| An Phortaingéil | @EUinNL | @EUinNL | @euinnl |
| An Rómáin | @komisjaeuropejska | @EUinPL | @komisjaeuropejska |
| An tSeicia | @RepresentacaoComissaoEuropeia | @CE_PTrep | @comissao_europeia_pt |
| An tSlóivéin | @comisia.europeana.in.romania | @RCERomania | @comisiaeuropeana |
| An tSlóvaic | @zekvsr | @ZEKvSR | @europa.sk |
| An Spáinn | @evropska.komisija | @EKvSloveniji | @evropska_komisija |
| An tSualainn | @comisioneuropea | @ComisionEuropea | @comisioneuropea |
| An Ungáir | @EUkommissionen | @EC_StockholmRep | @eukommissionen |



## Teachtaireachtaí ríthábhachtacha

- Is uirlis uathúil nuálach maidir leis an daonlathas rannpháirtíochta atá sa Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, rud a chuireann ar chumas saoránach den Aontas Eorpach dul i gcion níos mó ar bheartais a bhfuil tionchar acu ar a saol.
- Is féidir le saoránaigh ar fud na mBallstát dul i bpáirt lena chéile eile chun tacú le cúis a bhfuil croí agus anam acu inti, díospóireacht a spreagadh fúithi, agus próiseas déanta beartas an Aontais a thosú.
- Faoin Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh is féidir aird lucht déanta cinntí a dhíriú ar pheirspictíochtaí úra agus smaointe nua ó gach cearn den Aontas.
- Féadfaidh aon saoránach den Aontas Eorpach páirt a ghlacadh i dtionscnamh a eagrú nó síniú a thabhairt do thionscnaimh ar féidir tacú leo.

## Ábhar inspioráide do phostálacha ar na meáin shóisialta

- Tá an chumhacht agat clár oibre an Aontais a mhúnlú!
  Faigh tuilleadh eolais faoin Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh anseo
  ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Tríd an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh is féidir leat clár oibre an Aontais a mhúnlú! Cuireann sé ar do chumas labhairt amach agus athrú a mholadh maidir le saincheisteanna atá tábhachtach duit. Faigh tuilleadh eolais anseo ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Cén chumhacht atá agat? An chumhacht chun beartais an Aontais a mhúnlú! Faoin Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, is féidir le saoránaigh Eorpacha teacht le chéile chun athruithe praiticiúla dlí a mholadh i gcomhar le chéile. Is féidir leat grúpa d'eagraithe a bhunú chun tionscnamh nua a sheoladh, nó tacú le tionscnamh atá ann cheana féin. https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Chun tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh, teastaíonn 7 saoránach den Aontas, a bhfuil cónaí orthu i 7 mBallstát éagsúla ar a laghad, agus an aois vótála slánaithe acu.
  Ar mhilliún síniú a fháil, cuirfear tús le próiseas déanta beartas an Aontais. Tapaigh an Deis!
  ec.europa.eu/citizens-initiative
  #EUTakeTheInitiative
- Is féidir le milliún saoránach den Aontas athruithe i mbeartais an Aontais a chur chun cinn leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Nocht do chuid tuairimí - cuir tús le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh nó tacaigh le ceann!
  ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Ar mhaith leat beartais an Aontais a mhúnlú? Bain úsáid as an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh
  ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative
- Fógra do gach saoránach den Aontas Eorpach! Cabhróidh an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh le go gcloisfear do ghuth ➔ https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga
  #EUTakeTheInitiative



## Ábhar

- Nasc chuig an treoir maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh:
  https://europa.eu/citizens-initiative/guide_ga

- Físeáin, GIFeanna agus íomhánna statacha maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh:
  https://europa.eu/citizens-initiative/communication-material_ga

- Nasc chuig suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh, áit a bhfuil tuilleadh eolais faoin uirlis agus faoi na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair:
  https://europa.eu/citizens-initiative/home_ga

- Nasc chuig Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus blag an fhóraim:
  https://europa.eu/citizens-initiative-forum/home_ga



An Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh